


# Sonraí agus seans: Seans – Moltaí don timpeallacht foghlama



## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA


- Cruthaigh líne dhóchúlachta ag baint úsáid as téad, pictiúir agus pionnaí éadaigh le himeachtaí a chur in ord ó dodhéanta go cinnte.
- Cuir díospóireacht siúil ar bun le plé agus anailís a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh imeachtaí éagsúla, m.sh., *an bua sa Chorn Domhanda a bheith ag Éirinn. An dócha é? Neamhdhóchúil? Indéanta nó dodhéanta?*
- Cruthaigh meascáin de rudaí, m.sh., *ciúbanna agus/nó cnaipí*, inarb iad torthaí cinnte na torthaí is dóichí – m.sh., *mála ciúbanna de dheich gciúb agus sé cinn díobh dearg agus dá bhrí sin, is dóichí go dtarraingíonn tú amach ceann dearg go randamach.*
- Tá ceithre bhlas le fáil i siopa uachtar reoite – léirigh na torthaí féideartha ar fad má cheannaíonn tú cón dhá scúp.
- Dear agus déan rothaí ag baint úsáid as fáiscíní páipéir le critéir faoi leith a bhaint amach, mar shampla, seans cothrom go stopfaidh an roth ar dhearg nó ar ghorm, roth cúig dhath a mbaineann dóchúlacht 25% leis go stopfaidh sé ar bhuí.
- Bain úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach ar nós rothaí idirghníomhacha le trialacha a bhfuil uimhreacha móra i gceist leo a chur ar bun.
- Bain úsáid as stór focal a bhaineann le seans i réimsí eile curaclaim go rialta
- Taispeáin an stór focal ábhartha ar bhalla focal agus tagair dó go rialta.







## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Bain úsáid as aipeanna aimsire le tuartha a dhéanamh faoin aimsir. Conas a oibríonn foláirimh aimsire? An mbíonn siad cruinn i gcónaí? Cé a bhraithfeadh ar thuartha aimsire agus cén fáth?
- Sa rang spóirt, spreag páistí le hanailís a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbeidh torthaí faoi leith ann, m.sh., *mála pónairí a chaitheamh isteach i mbuicéad – cad iad na gnéithe a imríonn tionchar ar thoradh an ghnímh?*
- Vótáil i dtoghcháin – nuair a bhíonn toghcháin ar bun, breathnaigh ar phóstaeir na n-iarrthóirí áitiúla agus scrúdaigh pobalbhreitheanna le dóchúlacht toradh faoi leith a dhearbhú
- Torthaí spóirt – cad é an dóchúlacht go mbuafaidh foireann faoi leith cluiche nó comórtas? Scrúdaigh grúpa ceithre fhoireann i gComórtas Corn Domhanda agus anailísigh na torthaí ar fad ó chéimeanna na ngrúpaí. Cén toradh is dóichí agus cén fáth? Léirigh na torthaí ag baint úsáid as léaráid chrainn
- Taispeáin mír físe ón seó cluichí Deal or No Deal. Déan plé ar an mbealach a n-oibríonn an cluiche agus ar an seans atá ann an pota óir a bhuachan. Cuir bréagchluiche ar bun nó imir cluiche ar líne – déan plé ar straitéis a dhíríonn ar an dóchúlacht a bhaineann le torthaí faoi leith







Forbraíodh i gcomhar le **Ann Hogan, Múinteoir Bunscoile, Co. Thiobraid Árann**